Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

13980/24

LIMITE

| | |
|---|---|
| COPS 523 | JAI 1450 |
| POLMIL 332 | RELEX 1181 |
| CYBER 270 | TELECOM 286 |
| HYBRID 123 | IPCR 60 |
| EUMC 459 | PROCIV 81 |
| CIVCOM 239 | COTER 178 |
| COPEN 432 | DISINFO 109 |
| COSI 162 | CSC 578 |
| DATAPROTECT 291 | CSDP/PSDC 685 |
| IND 457 | CFSP/PESC 1373 |
| RECH 424 | |

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cibeardhaonáireamh an Aontais: tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Bheartas Cibearchosanta an Aontais |

1. An 21 Márta 2022, d'fhormheas an Chomhairle 'Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint – D'Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta' (7371/22). Bhí sé d'aidhm ag an gCompás, *inter alia*, Beartas Cibearchosanta an Aontais a fhorbairt chun cibirionsaithe a bhrath agus a dhíspreagadh agus an tAontas a chosaint ina gcoinne.

2. An 10 Samhain 2022, chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Beartas an Aontais maidir leis gCibearchosaint (15721/22).

3. An 22 Bealtaine 2023, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí i ndáil le Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint (9618/23). Sna conclúidí sin, iarrtar ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit 'tuairisciú agus plé a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme ghnéithe na Teachtaireachta Comhpháirtí agus an phlean cur chun feidhme a ghabhann léi, agus tús a chur leis an méid sin faoin dara ráithe de 2024'.

4. An 19 Iúil 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle plean cur chun feidhme an Aontais maidir leis an gCibearchosaint (11637/23).

5. An 5 Márta 2024, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire an Ceistneoir ar an gCibeardhaonáireamh maidir le cur chun feidhme Bheartas Cibearchosanta an Aontais (7169/24 R-UE/EU-R). Cuireadh an Ceistneoir sin faoi bhráid na mBallstát ina dhiaidh sin chun cuidiú leo tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta acu maidir lena gcur chun feidhme.

6. An 24 Meitheamh agus an 8 Iúil 2024, thíolaic SEGS agus an Coimisiún dréachtleaganacha den tuarascáil maidir le Cibeardhaonáireamh an Aontais: an tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Bheartas Cibearchosanta an Aontais, ag cruinnithe den Mheitheal um Chúrsaí Polaitiúla-Míleata, arna dtreisiú ag an Meitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna, agus thug siad barúlacha na dtoscaireachtaí dá n-aire.

7. An 30 Lúnasa 2024, chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí leagan críochnaitheach den tuarascáil maidir le Cibeardhaonáireamh an Aontais faoi bhráid na Comhairle, i bhfoirm doiciméad inmheánach oibre comhpháirteach (12928/24 R-UE/EU-R).

8. An 5 Meán Fómhair 2024, d'fhormhuinigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an tuarascáil maidir le cibeardhaonáireamh an Aontais, d'fhonn é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena fhormheas, trí Choiste na mBuanionadaithe (Coreper).

9. Dá bhrí sin, iarrtar ar Coreper an doiciméad inmheánach oibre comhpháirteach – Cibeardhaonáireamh an Aontais: tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Bheartas Cibearchosanta an Aontais – a fhormheas, mar a leagtar amach in 12928/24 (R-UE/EU-R) é, agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas.

PUBLIC